Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2025
(OR. en)

9486/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0135 (BUD)**

FIN 568
SOC 322

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 680 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2025/000 TA 2025 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 680 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 680 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.5.2025
COM(2025) 680 final

2025/0135 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2025/000 TA 2025 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear an Rialachán maidir le CED anseo feasta).

### ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| Na príomhshonraí: | |
|---|---|
| Uimhir thagartha CED | CED/2025/000 |
| An Coimisiún Eorpach | Cúnamh teicniúil |
| Caiteachas riaracháin: buiséad in EUR | 170 000 |
| % caiteachas riaracháin (uasteorainn: 0,5 %) | 0,49 % |

I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán CED, féadfar uasmhéid 0,5 % den uasmhéid bliantúil a chur ar fáil gach bliain le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

### Cúnamh teicniúil atá le cistiú agus miondealú na gcostas a mheastar a bheidh air

1. Úsáidfear an ranníocaíocht le haghaidh caiteachas a luaitear in Airteagal 11(1) agus (4) agus in Airteagal 12(2), (3) agus (4) de Rialachán CED, mar a shonraítear thíos. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach í a bhainistiú faoi bhainistíocht dhíreach.

| Tuairisc | Caiteachas iomlán (in EUR) |
|---|---|
| Caiteachas riaracháin | 90 000 |
| Caiteachas teicniúil | 80 000 |
| **Caiteachas measta iomlán** | **170 000** |

2. Caiteachas riaracháin:

   - Beidh cruinnithe tráthrialta á dtionól ag Sainghrúpa Daoine Teagmhála CED, agus beidh dhá chomhalta i láthair ó gach Ballstát. Ar bhonn na taithí a fuarthas ó chruinnithe fíorúla, agus i gcomhréir le huaillmhianta an Choimisiúin lorg comhshaoil a chuid gníomhaíochtaí a laghdú, leanfaimid de chruinniú fíorúil amháin agus cruinniú amháin ar an láthair a bheith againn in 2025.

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

- Chun líonrú a chur chun cinn i measc na mBallstát, eagróidh an Coimisiún seimineár amháin le rannpháirtíocht comhlachtaí cur chun feidhme CED agus comhpháirtithe sóisialta.
- Gníomhaíochtaí faisnéise: láithreacht ar líne CED[2], a bhunaigh an Coimisiún ina réimse Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsithe, agus atá á cothabháil aige mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12(2) de Rialachán CED, déanfar í a nuashonrú agus a leathnú go tráthrialta, agus aistreofar gach eilimint nua isteach i dteangacha uile an Aontais. Déanfar an fheasacht ghinearálta faoi CED a mhéadú agus cuirfear a infheictheacht chun cinn. Cumhdófar CED i bhfoilseacháin éagsúla de chuid an Choimisiúin agus i ngníomhaíochtaí closamhairc dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED.

3. Caiteachas teicniúil:

- Córas um malartú sonraí leictreonacha a chothabháil agus a nuashonrú. Tá an Coimisiún ag leanúint dá chuid oibre ar nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le hiarratais ar CED agus bainistíocht CED, agus úsáid á baint aige as feidhmiúlachtaí an Chomhchórais um Bainistíocht Cistí Comhroinnte (SFC). A bhuí leis sin, táthar in ann iarratais faoi Rialachán CED a shimpliú, an phróiseáil a bhaineann leo a luathú agus tuarascálacha éagsúla a bhaint astu ar bhonn níos fusa. Tá comhéadan SFC ina chúnamh chun oibríochtaí airgeadais CED a éascú freisin. Leis an méid seo áirítear go háirithe:
  - Cothabháil SFC 2014 chun cásanna a dhúnadh do CED 2014-2020.
  - SFC 2021 a fhorbairt agus a chothabháil a thuilleadh le haghaidh CED 2021-2027, agus a shioncrónú le SUMMA, córas nua cuntasaíochta corparáidí, airgeadais agus buiséadaithe an Aontais Eorpaigh.
- Faireachán agus bailiú sonraí: déanfaidh an Coimisiún sonraí a bhailiú maidir le hiarratais a fuarthas, a íocadh agus a foirceannadh, agus maidir le bearta atá beartaithe agus curtha chun feidhme. Cuirfear na sonraí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh agus tiomsófar iad i bhfoirm iomchuí le haghaidh tuarascálacha débhliantúla a bheidh ann amach anseo.

**<u>Maoiniú</u>**

4. Is é EUR 30 milliún i bpraghsanna 2018 an t-uasbhuiséad bliantúil atá ar fáil le haghaidh CED in 2025 (EUR 34 460 570 i bpraghsanna 2025), mar a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[3] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[4], agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

5. Luaitear in Airteagal 11(1) de Rialachán CED gur féidir 0,5 % den mhéid sin a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún. Faoi láthair, tá an méid iomlán le haghaidh 2025 ar fáil go fóill; ní dhearnadh aon chuid de a shannadh don chúnamh teicniúil go fóill. Tá an méid atá beartaithe cothrom le 0,49 % den uasbhuiséad bliantúil atá ar fáil le haghaidh CED in 2025.

---

2 http://ec.europa.eu/egf
3 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
4 IO L 2024/765, 29.2.2024, lch. 4.

6. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de Rialachán CED agus i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.[5]

**<u>Gníomhartha gaolmhara</u>**

7. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 170 000 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

**<u>Foinse leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí</u>**

8. Úsáidfear leithreasuithe as líne bhuiséadach CED chun an méid is gá le haghaidh cúnamh teicniúil, is é sin EUR 170 000, a chumhdach.

[5] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

2025/0135 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2025/000 TA 2025 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[6], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[7], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[8], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[9], agus in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/691 go bhféadfar uasmhéid 0,5 % d'uasmhéid bliantúil CED a úsáid gach bliain le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

(4) Tá gá leis an gcúnamh sin chun oibleagáidí maidir le cur chun feidhme CED a chomhlíonadh mar a fhorchuirtear le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/691, go háirithe maidir le faireachán agus bailiú sonraí chomh maith le gníomhaíochtaí cumarsáide agus gníomhaíochtaí lena gcuirtear feabhas ar infheictheacht CED.

---

6 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

7 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

8 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

9 IO L 2024/765, 29.2.2024, lch. 4.

(5) Ba cheart CED a shlógadh, dá bhrí sin, chun an tsuim EUR 170 000 a sholáthar le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2025, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 170 000 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*